

**An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)**

13290/26

LIMITE

**API 193
INF 262**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	13288/26; 13289/26
Ábhar:	Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 52/c/05/26 – Formheas an fhreagra ón gComhairle

1. Tar éis an chomhairliúcháin i scríbhinn a rinne an Mheitheal um Fhaisnéis, a seoladh an 19 Deireadh Fómhair 2026 agus ar tháinig deireadh leis an 23 Deireadh Fómhair 2026, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú d'aon toil maidir leis an dréachtfhreagra ón gComhairle ar an iarratas dearbhúcháin thuasluaite mar a leagtar amach in 13289/26 é.
2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh faoi na míreanna 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:
 - an dréachtfhreagra in 13289/26 a fhormheas,agus
 - a chinneadh go gcuirfidh sí toradh na vótála ar fáil don phobal.